AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 591 final

2025/0311 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 a mhéid a bhaineann le hailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh

{SWD(2025) 286 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Bhain sé le trí phíosa reachtaíochta: Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 1466/97 (‘an chuid choisctheach’) a aisghairm agus cuireadh Rialachán (AE) 2024/1263 ina ionad; Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle (‘an chuid cheartaitheach’); agus leasaíodh Treoir 2011/85 maidir le creataí buiséadacha náisiúnta. I bhfianaise a phráinní a bhí sé an tráth sin do na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú maidir le hathchóiriú chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, níor mhol an Coimisiún leasuithe ar phíosaí eile reachtaíochta atá mar chuid den chreat sin.

Bhí athchóiriú 2024 ina chúis le roinnt neamhréireachtaí idir creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais agus Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro (‘Rialachán DPB’) agus Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro (‘an rialachán maidir le smachtbhannaí’). Anois, molann an Coimisiún leasuithe ar na rialacháin sin chun aghaidh a thabhairt ar na neamhréireachtaí sin agus chun an creat a shimpliú tuilleadh.

Dá bhrí sin, is é cuspóir an togra comhsheasmhacht a áirithiú idir rialachán DPB agus an rialachán maidir le smachtbhannaí, ar thaobh amháin, agus creat rialachais athchóirithe an Aontais, ar an taobh eile. Leis na leasuithe atá beartaithe, tabharfar isteach roinnt simpliúchán ar rialachán DPB agus ar an rialachán maidir le smachtbhannaí freisin, agus ar an gcaoi sin simpleofar creat rialachais eacnamaíoch níos leithne an Aontais, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, agus a rannchuideoidh le clár oibre simpliúcháin an Choimisiúin.

I gcás an rialacháin maidir le smachtbhannaí, is iad seo a leanas na hathruithe atá beartaithe: (i) roinnt airteagal atá imithe i léig tar éis athchóiriú 2024 a nuashonrú nó a scriosadh; agus (ii) comhsheasmhacht a áirithiú idir an rialachán agus an chuid cheartaitheach leasaithe, i gcás inar lean athchóiriú 2024 an prionsabal maidir le méid na smachtbhannaí airgeadais a laghdú agus cur chun feidhme na smachtbhannaí sin a dhéanamh níos céimsí. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún an rialachán a ailíniú le prionsabal na smachtbhannaí céimnithe sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, agus an cur chuige reatha maidir le smachtbhannaí a bhaineann le hionramháil staidrimh á choinneáil. Is é an toradh a bheidh air sin freisin simpliú a chur chun feidhme maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach faoin gcuid cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis.

Maidir le rialachán DPB, tá trí phríomh-neamhréireacht ann: (i) tagairtí atá as dáta do Chláir Chobhsaíochta agus do Chláir Athchóirithe Náisiúnta, ar cláir iad a cumascadh isteach sna pleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha tar éis an athchóirithe; (ii) tagairtí atá as dáta do choincheapa amhail cuspóir meántéarmach, diall mór breathnaithe uaidh nó conair choigeartaithe ina threo, ar cheart na coincheapa nua a tugadh isteach le hathchóiriú 2024 a chur ina n-ionad; agus (iii) crostagairtí atá as dáta d’airteagail den chuid choisctheach, den chuid cheartaitheach agus den treoir ar cheart iad a thabhairt i gcomhréir leis an gcreat athchóirithe.

Chun críoch simpliúcháin, áiríonn na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 scriosadh clár comhpháirtíochta eacnamaíche, scriosadh ceanglas áirithe a bhaineann le sonraí agus tuairisciú nár soláthraíodh breisluach don phróiseas faireachais san am a chuaigh thart, scriosadh ceanglas breise tuairiscithe atá ar Bhallstáit sa limistéar euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach, chomh maith leis an nós imeachta breise do Bhallstáit atá i mbaol neamhchomhlíonadh an sprioc-ama chun an t-easnamh iomarcach a cheartú.

- Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is aidhm don togra comhsheasmhacht a áirithiú idir Rialachán (AE) 473/2013, Rialachán (AE) 1173/2011 agus gnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a ionadaíodh nó a leasaíodh mar chuid d'athchóiriú 2024 (Rialachán (AE) 2024/1263, Rialachán (CE) 1467/97 agus Treoir (AE) 2011/85). Tá an méid sin le baint amach tríd an dá rialachán a nuashonrú chun coincheapa a tugadh isteach le hathchóiriú 2024 a chomhtháthú agus trína áirithiú go mbeidh na rialacháin sin comhlántach le cuspóirí an athchóirithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Rannchuideoidh an togra chun an dá rialachán a leasú le clár oibre simpliúcháin an Choimisiúin arb é is aidhm dó borradh a chur faoin iomaíochas agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chosaint trí ualaí rialála a laghdú agus dlíthe an Aontais a shimpliú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca iad a chur chun feidhme.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagail 121(6) agus 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arb iad na bunúis dlí ábhartha iad d'fhorálacha sonracha an dá rialachán atá le leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Comhlíonann na leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar na rialacháin prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní féidir cuspóirí na leasuithe, is é sin comhsheasmhacht le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais a áirithiú agus an creat sin a chuíchóiriú, a bhaint amach ar leibhéal na mBallstát toisc go n-éilíonn siad athruithe ar reachtaíocht an Aontais.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní théann na leasuithe atá beartaithe ar na rialacháin sin thar a bhfuil riachtanach chun comhsheasmhacht chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a bhaint amach agus chun an creat sin a shimpliú.

- **An rogha ionstraime**

Is é is aidhm do na leasuithe uile atá beartaithe ar rialachán DPB agus ar an rialachán maidir le smachtbhannaí a áireamh i dtogra reachtach aonair próiseas caibidlíochta comhleanúnach a áirithiú don dá ghné sin de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Foilsíodh measúnuithe siarbhreathnaitheacha ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais mar Theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2020 (COM(2020) 55 final) agus an 19 Deireadh Fómhair 2021 (COM(2021 662 final). Bhí Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (SWD(2020) 210 final) ag gabháil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2020.

Achoimre ar thorthaí Rialachán (AE) 1173/2011

I nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 2 Feabhra 2020, tarraingíodh aird ar an drogall a bhí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle smachtbhannaí airgeadais a fhorchur ar na Ballstáit. Tugadh faoi deara san anailís gur mhéadaigh tabhairt isteach smachtbhannaí níos tapúla agus vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe le haghaidh cinntí ón gComhairle maidir le tograí ón gCoimisiún chun smachtbhannaí a fhorchur (mar chuid den athchóiriú ar an Dé-Phaca) ról an Choimisiúin. Mar sin féin, staon an Coimisiún ó smachtbhannaí airgeadais a mholadh. Ina Theachtaireacht maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais an 9 Samhain 2022 (COM(2022) 583 final), mhol an Coimisiún úsáid éifeachtach smachtbhannaí airgeadais a dhí-shrianadh trína méideanna a ísliú. Cuireadh an togra sin chun feidhme san athbhreithniú ar Rialachán (CE) 1467/97. Tá sé beartaithe anois Rialachán (AE) 1173/2011 a ailíniú dá réir sin.

Achoimre ar thorthaí Rialachán (AE) 473/2013

Fuarthas amach i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 2 Feabhra 2020 (SWD(2020) 210 final) go raibh an próiseas le haghaidh dréachtphleananna buiséadacha (DPBanna) úsáideach chun idirphlé a chur ar bun idir institiúidí an Aontais agus Ballstáit an limistéir euro, agus chun feasacht a chothú i measc na bparlaimintí náisiúnta agus an phobail ar oibleagáidí na mBallstát faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF). An tráth céanna, d'fhág fócas an mheasúnaithe ar athruithe bliantúla ar an gcomhardú struchtúrach (dobhraite) nó ar fhás bliantúil caiteachais go raibh cúinge áirithe ag baint leis an idirphlé sin. Bhí teorainn leis an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinne na Ballstáit maidir leis na 'litreacha leantacha' a sheol an Coimisiún chuig na Ballstáit i ngach babhta DPB ó bhí 2014 ann. Mar sin féin, in ainneoin tionchar teoranta a bheith ann de réir dealraimh, spreag an próiseas na Ballstáit chun ceanglais CCF a chur san áireamh le linn a ndréachtbhuiséid a ullmhú.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí na Samhna 2022 (COM(2022) 583 final) le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, tarraingíodh aird ar an ngá forfheidhmiú *ex-post* níos láidre mar chontrapháirt do chur chuige rioscabhunaithe lena dtugtar níos mó saoirse do na Ballstáit le linn a gcoigeartú fioscach a shocrú. Dhéanfaí an measúnú ar chomhlíonadh cheanglais CCF ar bhonn leanúnach, lena n-áireofaí, i gcás Bhallstáit an limistéir euro, measúnú ar chomhlíonadh na ndréachtphleananna buiséadacha leis an gconair ghlanchaiteachais ilbhliantúil a comhaontaíodh san fhómhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Bhí plé ann idir an Coimisiún agus na Ballstáit sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) agus Meitheal an Ghrúpa Euro (MGE). Bhí an plé sin dírithe ar cheist i dtaobh ar cheart Rialacháin (AE) 473/2013 agus 1173/2011 a leasú tar éis athchóiriú a dhéanamh ar

chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais nó ar leor leanúint ar aghaidh agus athruithe a dhéanamh ar na rialachán atá ann cheana ó thaobh léirmhíniú na rialachán sin. Chomhaontaigh na Ballstáit go bhfuil gá le leasuithe ar na rialacháin atá ann cheana chun an tsoiléireacht dhlíthiúil is gá a sholáthar. Rinneadh plé freisin leis na Ballstáit maidir le príomhghnéithe na leasuithe sin, agus thángthas ar chomhaontú gur ghá aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí le gnéithe eile de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Bhí na Ballstáit sásta scrúdú a dhéanamh ar na tograí maidir le simpliú a chuirfeadh an Coimisiún ar aghaidh.

Rinneadh plé freisin le coiste ECON Pharlaimint na hEorpa inar leagadh béim ar chuspóirí an phacáiste simpliúcháin, is é sin soiléireacht dhlíthiúil agus simpliú spriocdhírithe a sholáthar, agus inar leagadh amach príomhghnéithe an phacáiste, mar a tharla maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil do na Ballstáit sna coistí faoi seach. Tacaíodh go forleathan le simpliú na rialachán sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní chruthaítear ionstraim nua leis an togra seo ach déantar an reachtaíocht atá ann cheana a leasú leis chun comhsheasmhacht rialachán DPB agus an rialacháin maidir le smachtbhannaí le gnéithe eile de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais a áirithiú. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin na nósanna imeachta atá ann cheana a shimpliú agus na ceanglais tuairiscithe a laghdú do na Ballstáit. Tá na leasuithe atá beartaithe dírithe ar athruithe spriocdhírithe ar na rialacháin atá ann cheana. Mar atá luaite thuas sa phlé maidir le coimhdeacht, níl aon rogha eile ann chun deireadh a chur leis na neamhréireachtaí sin idir an dá rialachán agus gnéithe eile den chreat. Ar na cúiseanna sin, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair foirmiúil.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag gabháil leis an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis na leasuithe atá beartaithe ar rialachán DPB agus ar an rialachán maidir le smachtbhannaí, ní gá bearta breise a dhéanamh chun cur chun feidhme na nithe sin a éascú agus ní chruthaíonn siad dúshláin cur chun feidhme do na Ballstáit.

Ceanglaítear le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 go dtabharfaidh an Coimisiún tuarascáil ar aird gach cúig bliana ar tuarascáil í ina ndéantar athbhreithniú ar na heilimintí seo a leanas: (i) éifeachtacht an Rialacháin maidir lena chuspóirí a bhaint amach; (ii) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus

cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú; agus (iii) rannchuidiú an Rialacháin le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach. Ba cheart togra chun an rialachán a leasú a bheith ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí sin.

Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 go dtabharfaidh an Coimisiún tuarascáil ar aird gach cúig bliana ar tuarascáil í ina ndéantar athbhreithniú ar éifeachtacht an Rialacháin, lena n-áirítear an fhéidearthacht maidir lena chumasú don Chomhairle agus don Choimisiúin gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar staideanna a d'fhéadfadh feidhmiú cuí an aontais airgeadaíochta a chur i mbaol. Ba cheart togra chun an rialachán a leasú a bheith ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí sin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déantar athruithe spriocdhírithe dea-cheaptha leis an togra, ar athruithe de chineál teicniúil iad ar Rialacháin (AE) Uimh. 473/2013 agus (AE) Uimh. 1173/2011. Is éard atá i gceist leo deireadh a chur le neamhréireachtaí leis na píosaí reachtaíochta a lean as athchóiriú 2024, chomh maith le roinnt gnéithe a shimpliú i gcomhréir le clár oibre simpliúcháin an Choimisiúin arb é is aidhm dó ualaí rialála a laghdú agus dlíthe an Aontais a shimpliú chun cur chun feidhme na ndlíthe sin a dhéanamh níos éasca.

Rialachán (AE) 1173/2011

Tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 1173/2011 chun ailíniú teicniúil le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais a áirithiú agus chun prionsabal ghrádú na smachtbhannaí sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a áirithiú. Ós rud é nach ann a thuilleadh do nós imeachta an diallais shuntasaigh a spreag cur i bhfeidhm smachtbhannaí sa chuid choisctheach, tá Airteagal 4 agus forálacha gaolmhara den rialachán maidir le smachtbhannaí imithe i léig agus beidh gá lena scriosadh. Tá smachtbhannaí eile nasctha le forálacha atá fós i bhfeidhm i Rialachán (CE) 1467/97 ón gComhairle ach tá siad i gcodarsnacht le roinnt de na leasuithe a tugadh isteach maidir leis an Rialachán sin, go háirithe leasuithe a bhaineann le méid agus minicíocht na smachtbhannaí atá le cur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní urramaíonn na forálacha sin a thuilleadh an prionsabal maidir le céimniú cothrom smachtbhannaí sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis, mar a leagtar amach in Aithris 22 de Rialachán (AE) 1173/2011. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe deireadh a chur leis na smachtbhannaí is infheidhme tráth chinneadh Airteagal 126(6) (Airteagal 5 a scriosadh) agus, an tráth céanna, na smachtbhannaí a bhfuil feidhm acu tráth chinneadh Airteagal 126(8) (Airteagal 6 a athbhreithniú). Cé nach bhfuil sé beartaithe modhnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm smachtbhannaí a bhaineann le hionramháil staidrimh (Airteagal 8), níl gá a thuilleadh leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le forchur na smachtbhannaí sin (Airteagal 11) agus tá sé beartaithe í a scriosadh.

Rialachán (AE) 473/2013

Baineann neamhréireachtaí i Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 den chuid is mó le tagairtí as dáta do ghníomhartha eile agus le roinnt mí-ailínithe le coincheapa nua a tugadh isteach le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, rud a éilíonn leasuithe ar

Airteagail 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7. Go sonrach: (i) cuirtear tagairtí do phleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta in ionad tagairtí do Chláir Chobhsaíochta agus do Chláir Náisiúnta um Athchóiriú; (ii) cuirtear tagairtí do na coincheapa nua a tugadh isteach le hathchóiriú 2024, amhail conair ghlanchaiteachais agus conair cheartaitheach ghlanchaiteachais, in ionad tagairtí as dáta don chuspóir meántéarmach, don diall mór breathnaithe uaidh nó don chonair choigeartaithe chuige; agus (iii) tháinig roinnt crostagairtí d'iar-Rialachán (AE) Uimh. 1466/97, do Rialachán (AE) Uimh. 1467/97 agus do Threoir 2011/85 ón gComhairle chun bheith as dáta agus nuashonraíodh iad chun athchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a léiriú, ar athchóiriú é arb é a bhí i gceist leis Rialachán (AE) 1466/97 a aisghairm agus Rialachán (AE) 2024/1263 a chur ina ionad, agus Rialachán (AE) Uimh. 1467/97 agus Treoir 2011/85 ón gComhairle a leasú.

Ina theannta sin, chun deireadh a chur le neamhréireachtaí leis na leasuithe a rinneadh ar Threoir 2011/85 ón gComhairle mar chuid d'athchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus, chun críoch simpliúcháin, chun athdhéanamh fhorálacha na Treorach sin a sheachaint, moltar leasuithe ar Airteagail 2, 3, 4 agus 5.

Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 freisin comhsheasmhacht leis na leasuithe ar Rialacháin (AE) 1173/2011 a áirithiú tríd an gceanglas go gcuirfí an tuairim maidir le DPBanna ón gCoimisiún san áireamh i bhforchur taiscí neamhúsmhara i bhfianaise scriosadh Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 (Airteagal 12).

I dtéarmaí simpliúcháin, leis na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 473/2013 scriostar tagairtí don ghá do na Ballstáit, mar chuid den nós imeachta um easnamh iomarcach, cláir chomhpháirtíochta eacnamaíche a bhunú (Airteagal 9). Tugadh isteach na cláir sin is déanaí atá luaite le Conradh 2012 ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus bhí sé mar aidhm acu ceartú inbhuanaithe marthanach easnaimh iomarcacha na mBallstát a áirithiú trína cheangal ar na Ballstáit faoi nós imeachta um easnamh iomarcach mionsonrú a dhéanamh ar athchóirithe struchtúracha sonracha a ceapadh chun a n-easnamh agus a bhfiachas a laghdú. Tar éis athchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, áirithítear feidhm na gClár Comhpháirtíochta Eacnamaíche trí chur chuige meántéarmach agus rioscabhunaithe a ghlacadh, agus é bunaithe ar phleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha, agus tríd an nós imeachta um easnamh iomarcach a athneartú trí chritéir shoiléire maidir le gníomhachtú agus aisghairm a thabhairt isteach le haghaidh nós imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar fhiachas. Dá bhrí sin, tá Cláir um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch imithe i léig.

Chun críoch simpliúcháin freisin, agus chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú, moltar leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 chun ceanglais áirithe sonraí agus tuairiscithe a scriosadh nach gcuireann aon bhreisluach leis an bpróiseas faireachais (Airteagail 6 agus 7) chomh maith le ceanglais tuairiscithe *ex ante* don Ghrúpa Euro maidir le pleananna eisiúna fiachais phoiblí na mBallstát (Airteagal 8) toisc go meastar gur leor tuairisciú ar na pleananna sin don Choimisiún. De bhreis air sin, an ceanglas i ndáil leis an tuairim ón gCoimisiún maidir le DPBanna a chur san áireamh i dtuarascálacha Airteagal 126(3) CFAE agus i gCinntí Airteagal 126(6), scriosadh an ceanglas sin i bhfianaise cheanglas Airteagal 126(3) CFAE go gcuirfí na tosca ábhartha uile san áireamh nuair atá tuarascáil á hullmhú maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann (Airteagal 12).

Leis na leasuithe atá beartaithe, scriostar freisin an gá atá le ceanglais tuairiscithe bhreise do Bhallstáit an limistéir euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach (Airteagal 10).

Ba é cuspóir na gceanglas breise sin malartú faisnéise níos fearr a cheadú idir na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún agus rioscaí a shainaithint i gcomhlíonadh an sprioc-ama chun an t-easnamh iomarcach a cheartú go luath. Le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, tugadh isteach táscaire aonair chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais faoi nós imeachta um easnamh iomarcach agus tuairiscíonn na Ballstáit go tráthrialta ina dTuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn a tíolacadh faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263. Chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú agus chun díriú ar athchóiriú 2024 a chur chun feidhme, níor cheart do na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ach an fhaisnéis a iarrtar faoi Rialacháin (AE) 2024/1263 agus 1467/97 a sholáthar toisc gur leor sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais. Coinníonn an Coimisiún an ceart chun aon fhaisnéis bhreise a iarraidh a mheasann sé a bheith riachtanach chun críoch faireachais bhuiséadaigh.

Ós rud é go bhfuil sé beartaithe na ceanglais tuairiscithe bhreise a scriosadh, níl gá a thuilleadh le tarmligean a fheidhmiú chun ábhar an tuairiscithe bhreise a shonrú (Airteagal 14).

Chun faireachán éifeachtach ar ghníomhaíocht arna déanamh ag an mBallstát mar fhreagairt ar mholadh Airteagal 126(7) CFAE nó ar fhógra Airteagal 126(9) CFAE a áirithiú, moltar go gcuirfidh an Ballstát tuarascálacha éifeachtacha ar ghníomhaíocht faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle gach sé mhí agus gach trí mhí, faoi seach, go dtí go n-aisghairfear an nós imeachta um easnamh iomarcach. Is féidir na tuarascálacha éifeachtacha sin ar ghníomhaíochtaí a áireamh sna Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn a shainítear faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2024/1263 agus sna Dréachtphleananna Buiséadacha chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú a thuilleadh, agus ba cheart don Choimisiún iad a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige an bhfuil gníomhaíocht éifeachtach á déanamh ag an mBallstát (Airteagal 10).

Chomh maith leis sin, chun críoch simpliúcháin agus chun deireadh a chur leis na nósanna imeachta atá ann cheana nár úsáideadh riamh roimhe seo, is é is aidhm do na leasuithe gan ceangal a chur ar an gCoimisiún a thuilleadh moladh a dhéanamh don Chomhairle á cheangal go ndéanfar mbearta faoi Airteagal 126(7) nó 126(9) CFAE a chur chun feidhme ina n-iomláine agus, b'fhéidir, bearta breise a dhéanamh i gcás riosca a bheith ann nach gcomhlíonfar an chonair cheartaitheach faoi nós imeachta um easnamh iomarach (Airteagail 11 agus 12). Thairis sin, dá ndéanfaí athbhreithniú ar an gconair cheartaitheach ghlanchaiteachais faoi nós imeachta um easnamh iomarcach mar gheall ar an riosca nach mbainfí an sprioc-am, bheadh sé sin bunoscionn leis an gcur chuige meántéarmach a glacadh maidir le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais.

Chun trédhearcacht, cuntasacht agus úinéireacht i leith na gcinntí atá déanta i gcomhthéacs an rialacháin seo a mhéadú, féadfar idirphlé eacnamaíoch a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le sonrú ábhar na ndréachtphleananna buiséadacha, maidir le torthaí phlé an Ghrúpa Euro faoi thuairimí ón gCoimisiún maidir le DPBanna a mhéid a cuireadh ar fáil go poiblí iad, agus maidir leis an measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine (Airteagal 15). Chun críoch simpliúcháin agus chun faireachas fioscach níos comhtháite a cheadú, d'fhéadfaí an t-idirphlé eacnamaíoch sin a chomhtháthú leis an idirphlé eacnamaíoch a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/1263. Rinneadh na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar fheidhmiú Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a ailíniú leis na hathbhreithnithe ar fheidhmiú

Rialachán (AE) 2024/1263 (Airteagal 16) agus scriosadh na forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 17 de réir mar a tháinig siad chun bheith as dáta.

2025/0311 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011 agus (AE) Uimh. 473/2013 a mhéid a bhaineann le hailíniú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus leis an gcreat sin a shimpliú a thuilleadh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(6) i gcomhar le hAirteagal 136 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais in 2024. Ba é ba chuspóir don athchóiriú faireachas eacnamaíoch éifeachtach a éascú, agus é leabaithe i gcreat comhchoiteann lena n-áirithítear cóir chomhionann agus comhordú iltaobhach beartais. Ba iad cuspóirí an athchóirithe airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe, fás fónta cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn a thuilleadh trí athchóirithe agus infheistíocht, cosc a chur ar easnaimh iomarcacha, agus úinéireacht náisiúnta a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tugadh isteach leis an athchóiriú coincheapa nua agus rinneadh athruithe ar struchtúr chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Cuireadh an t-athchóiriú chun feidhme trí Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle[3] agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle[4] a ghlacadh.

---

1 IO C , , lch. .

2 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

3 Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

4 Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

(2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2025 dar teideal ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú[5]’, leag an Coimisiún amach fís le haghaidh clár oibre cur chun feidhme agus simpliúcháin arb é is aidhm dó borradh a chur faoin iomaíochas agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chosaint trí ualaí rialála a laghdú agus trí dhlí an Aontais a shimpliú, agus ar an gcaoi sin trí chur chun feidhme an dlí sin a dhéanamh níos éasca.

(3) I gcomhthéacs athchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais agus d’fhonn reachtaíocht a shimpliú, a chomhdhlúthú agus a chódú, is gá Rialacháin (AE) Uimh. 1173/2011[6] agus (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] a leasú chun comhsheasmhacht le gníomhartha eile den chreat rialachais eacnamaíoch a áirithiú agus chun rannchuidiú lena chuíchóiriú agus lena shimpliú.

(4) Is chun leas, go háirithe, Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, beartais eacnamaíocha a sheoladh lena gcuirtear oibriú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta chun cinn agus is chun a leasa freisin beartais lena gcuirfí an t-oibriú sin i mbaol a sheachaint agus is cúram de chuid na mBallstát sin an dá ní sin a dhéanamh. Ceadaítear le hAirteagal 136 CFAE bearta sonracha a ghlacadh sa limistéar euro ar bearta iad a théann níos faide ná na forálacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile chun feidhmiú cuí an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a áirithiú, lena n-áirítear na smachtbhannaí breise a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 chun inchreidteacht chreat faireachais fhioscaigh an Aontais a fheabhsú agus chun mífhaisnéis, cibé acu d’aon ghnó nó mar gheall ar mhórfhaillí, a dhíspreagadh ó shonraí easnaimh agus fiachais rialtais ar ionchur fíor-riachtanach iad i gcomhordú an bheartais eacnamaíoch san Aontas.

(5) Ceann amháin de phríomhaidhmeanna athchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais ab ea nósanna imeachta faireachais fhioscaigh agus forfheidhmithe a neartú chun an gealltanas maidir cur chun cinn airgeadais phoiblí de chineál fónta inbhuanaithe agus fáis inbhuanaithe cuimsitheach a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, athneartaíodh sásraí forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear trí dhíshrianadh a chur ar úsáid éifeachtach smachtbhannaí airgeadais trína méideanna a ísliú. I gcomhréir le hathchóiriú 2024, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun a chomhsheasmhacht le gnéithe eile den chreat a áirithiú, is é sin forálacha Rialachán (AE) 2024/1263 agus Rialachán (CE) Uimh. 1467/97[8].

(6) Le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, cuireadh deireadh le coincheap an diallais shuntasaigh agus an nós imeachta gaolmhar ó cheanglais

---

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, an 11 Feabhra 2025, ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú’, COM/2025/47 final.

6 Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro (IO L 306, 23.11.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1173/oj).

7 Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/473/oj).

8 Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

Rialachán (AE) 2024/1263, i gcomhréir leis an rún a bhí ag na comhreachtóirí an creat fioscach a shimpliú agus cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm. Tar éis deireadh a chur le nós imeachta an diallais shuntasaigh, an ceanglas ar dá réir a cheanglaítear ar Bhallstát taisce úsmhar a thaisceadh leis an gCoimisiún, arb é is cúis leis nach ndéantar nós imeachta diallais shuntasaigh a chomhlíonadh, ba cheart é a scriosadh ó Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011. Le hAirteagal 1, pointe (10), de Rialachán (AE) 2024/1264, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 trí mhéid na smachtbhannaí airgeadais a cheadaítear faoin gcuid cheartaitheach a laghdú agus, an tráth céanna, trí fhorchur na smachtbhannaí sin a dhéanamh níos céimsí. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun na prionsabail sin maidir le forchur smachtbhannaí airgeadais a léiriú i leith fíneálacha a fhorchur.

(7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, ceadaítear idirphlé eacnamaíoch idir institiúidí an Aontais, arna iarraidh sin do choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa, chun plé a dhéanamh ar chinntí a dhéantar i ndáil le forchur smachtbhannaí airgeadais mar gheall ar neamhchomhlíonadh rialacha fioscacha an Aontais. D'fhéadfadh an t-idirphlé sin a bheith ann mar chuid den idirphlé eacnamaíoch a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1263.

(8) Níl gá a thuilleadh leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhaineann le smachtbhannaí a fhorchur i ndáil le hionramháil staidrimh, ar cumhacht í a thugtar don Choimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, agus ba cheart í a scriosadh.

(9) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú chun sprioc-am le haghaidh na tuarascála ón gCoimisiún, agus maidir le hábhar na tuarascála sin, a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

(10) Is iad na pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1263, bunchloch athchóiriú 2024. Cuireadh in ionad na gClár um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus na gClár Athchóirithe Náisiúnta iad agus, ar an gcaoi sin, tugadh le chéile gealltanais fhioscacha, athchóirithe agus infheistíochta gach Ballstáit laistigh de chreat comhchoiteann. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun tabhairt isteach na bpleananna fioscacha-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta sa chreat comhchoiteann a chur san áireamh.

(11) Le Rialachán (AE) 2024/1263, bunaíodh forálacha chun comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] a áirithiú, go háirithe trí bhearta agus athchóirithe a chomhtháthú sa nós imeachta a leagtar amach le Rialachán (AE) 2024/1263 ar bearta iad atá le déanamh i gcomhthéacs an nós imeachta chun míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha a chosc agus a cheartú. Go sonrach, i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an Coimisiún le cur chun feidhme míshásúil na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a áirítear i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta Ballstáit atá ábhartha do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chur san áireamh agus grinn-athbhreithnithe á ndéanamh aige agus breithniú á dhéanamh aige i dtaobh ar cheart a shuí gur ann do mhíchothromaíocht iomarcach faoi Rialachán (AE)

[9] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Uimh. 1176/2011. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, nuair a sheoltar nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, is gá don Bhallstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach athbhreithnithe a thíolacadh, ar plean é atá le fónamh mar phlean gníomhaíochta ceartaithí freisin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

(12) Chun creat buiséadach an Aontais a shimpliú agus trédhearcacht a mhéadú, tugadh isteach le hathchóiriú 2024 táscaire oibriúcháin aonair, atá bunaithe ar inbhuanaitheacht fiachais agus a fhónann mar bhonn leis an gconair fhioscach a leagan síos agus le faireachas buiséadach bliantúil a dhéanamh le haghaidh gach Ballstáit. Déantar an táscaire oibriúcháin aonair sin, agus é bunaithe ar an gconair ghlanchaiteachais, a chur in ionad an chuspóra mheántéarmaigh, an chomhardaithe struchtúraigh, an tagarmhairc glanchaiteachais agus an tagarmhairc laghdaithe fiachais a bhí ann sa chreat fioscach roimhe sin. Faigheann Ballstáit atá faoi nós imeachta um easnamh iomarcach conair cheartaitheach ghlanchaiteachais atá bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle.

(13) Chun an creat dlíthiúil a shimpliú, ba cheart an sainmhíniú ar chomhlacht neamhspleách i Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun tagairt a dhéanamh d'Airteagal 8a de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle[10] lenar bunaíodh forálacha chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na ceanglais maidir le coimircí neamhspleáchais, acmhainní agus cúraimí maidir leis na comhlachtaí neamhspleácha sin i ngach Ballstát. Thairis sin, déantar foráil cheana féin le hAirteagal 4(5) de Threoir 2011/85/AE maidir le hidirphlé teicniúil idir na Ballstáit agus an Coimisiún faoi na toimhdí atá mar bhonn taca leis na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha. Dá bhrí sin, ní gá an fhoráil sin a áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 473/2013.

(14) Le Treoir 2011/85/AE bunaítear na nósanna imeachta le haghaidh creataí buiséadacha meántéarmacha náisiúnta lena bhforáiltear maidir le pleanáil fhioscach ilbhliantúil. Thairis sin, leagtar amach in Airteagal 9(2), pointe (c), den Treoir sin na paraiméadair do na creataí buiséadacha meántéarmacha náisiúnta lena gcuimsítear tuairisc ar bheartais mheántéarmacha a shamhlaítear, lena n-áirítear athchóirithe agus infheistíochtaí, a bhfuil tionchar acu ar airgeadas rialtais ghinearálta agus ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Chun an creat dlíthiúil a shimpliú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun athrá na bhforálacha a leagtar amach i dTreoir 2011/85/AE a sheachaint.

(15) Foráiltear le Rialachán (AE) 2024/1263 go bhféadfar a iarraidh ar institiúidí fioscacha neamhspleácha tuairimí a eisiúint maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus maidir leis na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca le conair ghlanchaiteachais an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh náisiúnta nó an phlean fhioscaigh-struchtúraigh mheántéarmaigh náisiúnta athbhreithnithe. Ó 2032 ar aghaidh, beidh tuairim na n-institiúidí sin éigeantach, ar choinníoll go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach forbartha acu. Thairis sin, féadfar a iarraidh ar institiúidí fioscacha neamhspleácha measúnú a sholáthar ar na holltorthaí buiséadacha arna dtuairisciú sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir leis an gconair ghlanchaiteachais arna leagan amach ag an gComhairle. Féadfar a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha ábhartha freisin anailís

[10] Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais a bhaineann le creataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

a dhéanamh ar na tosca atá taobh thiar de dhiall ón gconair ghlanchaiteachais arna leagan amach. Chun comhsheasmhacht le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais a áirithiú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun na hathruithe ar ról na n-institiúidí fioscacha neamhspleácha a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1263 a léiriú.

(16) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta comhsheasmhach leis na moltaí arna n-eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/1263, le moltaí agus cinntí arna n-eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1467/1997, le cinntí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, i gcás inarb iomchuí sin, agus leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir 2011/85/AE.

(17) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun a fhorordú gur cheart na dréachtphleananna buiséadacha (‘DPBanna’) a bheith comhsheasmhach leis na ceanglais a leanann as athchóiriú 2024 ar chreat rialachais an Aontais. Ba cheart cur chun feidhme na Moltaí ón gComhairle maidir leis na pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha a léiriú sna DPBanna. Ina leith sin, ba cheart a leagan amach iontu an chaoi a gcuirfear an straitéis beartais fhioscaigh chun feidhme sa chéad bhliain eile, agus na bearta nithiúla caiteachais agus ioncaim a chur i láthair lena n-áirithítear comhlíonadh na conaire glanchaiteachais arna leagan amach ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 nó ba cheart míniú a thabhairt iontu ar aon diall ón gconair ghlanchaiteachais sin. Má tá an Ballstát faoi nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart bearta nithiúla caiteachais agus ioncaim a chur i láthair sna DPBanna lena n-áirithítear comhlíontacht i leith na conaire ceartaithí a shocraítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(18) An tráth céanna, chun críoch simpliúcháin agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun oibleagáid tuairiscithe na mBallstát maidir le sonraí a laghdú, ar sonraí iad a cruthaíodh san am a chuaigh thart nach raibh aon fhíor-bhreisluach ag baint leo. Ina theannta sin, chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú agus ós rud é gur leor tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún chun eisiúint fiachais náisiúnta na mBallstát ar Mhargaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais a chomhordú, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun deireadh a chur le tuairisciú *ex ante* ag na Ballstáit maidir lena bpleananna eisiúna fiachais phoiblí don Ghrúpa Euro.

(19) Chun faireachas fioscach an Aontais a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh a thuilleadh ina mheasúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine maidir le gnéithe nár cruthaíodh go soláthraíonn siad breisluach sa phróiseas faireachais (amhail anailísí íogaireachta ar na rioscaí d’inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí i gcás forbairtí díobhálacha eacnamaíocha, airgeadais nó buiséadacha nó ar mhodheolaíocht, ar shamhlacha agus ar thoimhdí na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí ó sheirbhísí an Choimisiúin do gach Ballstát.)

(20) I gcás nach bhfuil rialtas in ann dréachtdlí buiséid a ullmhú lena ghlacadh ag an bparlaimint náisiúnta, níl gá ach oiread le Dréachtphlean Buiséadach a thíolacadh gan athrú ar bheartais agus ba cheart malartú teicniúil a chur ina ionad ina soláthróidh na Ballstáit faisnéis don Choimisiún maidir leis na staideanna maicreacnamaíocha agus buiséadacha a chuirfidh an Coimisiún san áireamh ina réamhaisnéisí.

(21) Le Conradh 2012 ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta[11], bunaíodh na cláir chomhpháirtíochta eacnamaíche, a tháinig chun bheith ina gcuid de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais in 2013 de bhua Rialachán (AE) Uimh. 473/2013. Ba é an aidhm a bhí acu ceartú inbhuanaithe marthanach ar easnaimh iomarcacha na mBallstát a áirithiú trína cheangal go ndéanfadh na Ballstáit faoi nós imeachta um easnamh iomarcach athchóirithe struchtúracha sonracha a mhionsonrú a bheadh ceaptha chun a n-easnamh agus a bhfiachas a laghdú. Áirithítear feidhm na gclár comhpháirtíochta eacnamaíche in athchóiriú 2024 ar chreat rialachais an Aontais trí dhá phríomhbhealach. Baineann an chéad cheann le cur chuige meántéarmach agus rioscabhunaithe a ghlacadh sna pleananna fioscacha-struchtúracha meántéarmacha, lena n-áirítear tionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar an inbhuanaitheacht fhioscach. Baineann an dara ceann le hathneartú an nós imeachta um easnamh iomarcach trí chritéir shoiléire maidir le gníomhachtú agus maidir le haisghairm a thabhairt isteach le haghaidh nósanna imeachta um easnamh iomarcach fiachasbhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun é a chur san áireamh go bhfuil cláir comhpháirtíochta eacnamaíche imithe i léig.

(22) Le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013, tugadh isteach ceanglais tuairiscithe bhreise le haghaidh na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus a bhí faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97. Ba é cuspóir na gceanglas breise sin malartú faisnéise níos fearr a cheadú idir na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún agus rioscaí a shainaithint i gcomhlíonadh an sprioc-ama chun an t-easnamh iomarcach a cheartú go luath. Le hathchóiriú 2024 ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, tugadh isteach táscaire aonair chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais faoi nós imeachta um easnamh iomarcach. Tá na Ballstáit le tuairisciú ina leith sin a dhéanamh go tráthrialta ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a thíolactar faoi Rialachán (AE) 2024/1263. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú agus chun díriú ar athchóiriú 2024 a chur chun feidhme. Níor cheart do na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach ach an fhaisnéis a iarrtar faoi Rialachán (AE) 2024/1263, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 agus faoi na tuarascálacha gníomhaíochta éifeachtaí ina dhiaidh sin a bhaineann le moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó faoi fhógraí ón gComhairle faoi Airteagal 126(9) CFAE a sholáthar mar a shamhlaítear i Rialachán (AE) 473/2013, ós rud é gur leor an fhaisnéis sin chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na conaire ceartaithí glanchaiteachais. Ba cheart don Choimisiún an ceart a choimeád chun aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé a bheith riachtanach chun críoch faireachais bhuiséadaigh a iarraidh.

(23) Ós rud é nach bhfuil gá leis an tuairisciú breise sin a thuilleadh, ba cheart Rialachán (AE) 473/2013 a leasú chun deireadh a chur leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ábhar an tuairiscithe bhreise a shonrú.

(24) I gcomhréir leis na moltaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó leis na fógraí faoi Airteagal 126(9) CFAE, tá na Ballstáit le tuairisciú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a rinneadh. Chun faireachán éifeachtach a áirithiú ar ghníomhaíocht a

[11] ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2012/302

dhéantar chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, ba cheart Rialachán (AE) 473/2013 a leasú chun na hoibleagáidí tuairiscithe a leanann as na moltaí sin ón gComhairle a shoiléiriú agus chun oibleagáid a chur ar na Ballstáit tuarascálacha leantacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle maidir le gníomhaíocht éifeachtach gach 6 mhí nuair atá siad faoi réir Moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Thairis sin, ba cheart don Bhallstát tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin ar bhonn ráithiúil nuair is ábhar d'fhógra ón gComhairle é faoi Airteagal 126(9) CFAE go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart é a bheith indéanta tuarascálacha gníomhaíochta éifeachtaí den sórt sin a áireamh sna tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn mar a shainítear faoi Rialachán (AE) 2024/1263 agus sa DPB, i gcás inar féidir. Ós rud é go bhfuil an tuairisciú a shonraítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 le cur in ionad an fhaireacháin faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, ba cheart don Choimisiún na tuarascálacha gníomhaíochta éifeachtaí uile arna dtarchur ag an mBallstát a chur san áireamh nuair atá a mheasúnú ar ghníomhaíocht éifeachtach á dhéanamh aige.

(25) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun nósanna imeachta atá ann cheana a shimpliú agus chun deireadh a chur leis na nósanna imeachta sin nach bhfuil úsáideach agus nach bhfuil i gcomhréir le cur chuige foriomlán an chreata athbhreithnithe. Go háirithe, ba cheart na forálacha lena gceanglaítear ar an gCoimisiún moladh a chur faoi bhráid an Bhallstáit i gcás riosca a bheith ann nach gcomhlíonfar an sprioc-am maidir le ceartú an easnaimh iomarcaigh a scriosadh, ós rud é gur tugadh isteach le hathchóiriú 2024 cur chuige meántéarmach nach bhfuil dírithe a thuilleadh ar bhliain shonrach chun an t-easnamh iomarcach a cheartú, ach arb é is aidhm dó a áirithiú go dtabharfar an t-easnamh rialtais chuig leibhéal, agus go gcoimeádfar ag leibhéal é, atá faoi bhun 3 % de OTI thar an meántéarma.

(26) Ceanglaítear le hAirteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 go gcuirfear na tosca ábhartha uile mar a léirítear in Airteagal 126(3) CFAE san áireamh nuair atá tuarascáil á hullmhú faoi Airteagal 126(3) CFAE maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Dá bhrí sin, níl gá le ceanglas sainráite go gcuirfí an tuairim ón gCoimisiún faoi Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 san áireamh nuair atá tuarascáil á dréachtú faoi Airteagal 126(3) CFAE nó nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann faoi Airteagal 126(6) CFAE. Thairis sin, maidir le cur san áireamh na tuairime ón gCoimisiún faoi Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 nuair atá moladh á dhéanamh go bhforchuirfí taisce neamhúsmhar faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011, is amhlaidh go bhfuil sé sin as dáta i bhfianaise scriosadh an Airteagail sin.

(27) Chun trédhearcacht, cuntasacht agus úinéireacht i leith na gcinntí atá déanta i gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a mhéadú, féadfar idirphlé eacnamaíoch a dhéanamh idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le sonrú ábhar na ndréachtphleananna buiséadacha, maidir le torthaí phlé an Ghrúpa Euro faoi thuairimí ón gCoimisiún maidir le DPBanna a mhéid a cuireadh ar fáil go poiblí iad, agus maidir leis an measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais bhuiséadacha sa limistéar euro ina iomláine. Chun idirphlé a shimpliú idir institiúidí an Aontais agus chun faireachas fioscach níos comhtháite a cheadú, d'fhéadfaí an t-idirphlé eacnamaíoch sin a chomhtháthú leis an idirphlé eacnamaíoch a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/1263.

(28) Cuirtear straitéis an Aontais maidir le fás agus poist chun feidhme trí thosaíochtaí an Choimisiúin do 2024-2029 lena ndírítear ar fheabhas a chur ar athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch agus ar fhás inbhuanaithe agus cuimsitheach trí bhorradh a chur faoin iomaíochas, faoin táirgiúlacht, faoin acmhainneacht fáis, faoin gcomhtháthú sóisialta agus faoin gcóineasú eacnamaíoch agus, ar an gcaoi sin, tugtar cuidiú maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha atá le sárú ag an Aontas.

(29) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 a leasú chun sprioc-am le haghaidh na dtuarascálacha ón gCoimisiún, agus maidir le hábhar na dtuarascálacha sin, a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

(30) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 473/2013 agus (AE) Uimh. 1173/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011

Leasaítear Rialachán (AE) 1173/2011 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Leagtar amach leis an Rialachán seo córas smachtbhannaí chun forfheidhmiú an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis sa limistéar euro a neartú.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) scriostar pointe 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘(2) ciallaíonn ‘an chuid cheartaitheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis’ an nós imeachta chun easnamh iomarcach Ballstáit a sheachaint agus a cheartú mar a rialáiltear í le hAirteagal 126 CFAE agus le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.’;

(c) scriostar pointe 3;

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún agus i gcás inarb iomchuí, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí nó Uachtarán an Ghrúpa euro teacht os comhair an choiste chun cinntí a rinneadh de bhun Airteagal 6 den Rialachán sin a phlé.’;

(4) scriostar Airteagal 4 agus Airteagal 5;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

Airteagal 6

Fíneálacha

1. Más rud é go gcinneann an Chomhairle, ag gníomhú di faoi Airteagal 126(8) CFAE, nach ndearna Ballstát aon ghníomhaíocht éifeachtach chun an t-easnamh iomarcach atá aige a cheartú, molfaidh an Coimisiún, laistigh de 20 lá ón tráth a glacadh an cinneadh sin,

go ndéanfadh an Chomhairle fíneáil a fhorchur, le cinneadh ina dhiaidh sin, arb é suas le 0,02 % den mheastachán is déanaí ar OTI an Bhallstáit sa bhliain roimhe sin a bheidh ann. Íocfar an fhíneáil gach 6 mhí go dtí go measann an Chomhairle go bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an mBallstát lena mbaineann mar fhreagairt ar an bhfógra a eisíodh faoi Airteagal 126(7) CFAE.

2. Measfar an cinneadh lena ndéantar fíneáil a fhorchur a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneann sí, trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a dhiúltú laistigh de 10 lá ón tráth ar ghlac an Coimisiún é.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an moladh ón gCoimisiún a leasú, agus an téacs arna leasú amhlaidh a ghlacadh mar chinneadh ón gComhairle.';

(6) scriostar Airteagal 7;

(7) in Airteagal 8, scriostar mír 4;

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

Airteagal 9

Cineál riaracháin na smachtbhannaí

Beidh na smachtbhannaí arna bhforchur de bhun Airteagail 6 agus 8 de chineál riaracháin.';

(9) scriostar Airteagal 10 agus Airteagal 11;

(10) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 8, ní vótálfaidh ach comhaltaí den Chomhairle a dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus gníomhóidh an Chomhairle gan vóta an chomhalta a dhéanann ionadaíocht don Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh.';

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

Airteagal 13

Athbhreithniú

1. Faoin XXX, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh, nuair is iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a phoibliú.

Déanfar athbhreithniú ar an méid seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir lena chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach;

(b) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE;

(c) rannchuidiú an Rialacháin seo le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach.

2. Cuirfear an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.'.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 473/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 mar a leanas:

(12) Leasaítear Airteagal 1(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

‘(a) an Seimeastar Eorpach, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, a chomhlánú le hamlíne bhuiséadach choiteann;

(b) comhlánú ar an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, amhail a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011;

(c) córas faireachais iltaobhaigh ar bheartais bhuiséadacha, mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1263, a chomhlánú le ceanglais faireacháin bhreise chun a áirithiú go ndéanfar moltaí beartais ón Aontas sa réimse buiséadach a chomhtháthú go hiomchuí sna hullmhúcháin bhuiséadacha náisiúnta;

_____

* Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).’;

(b) scriostar pointe (e);

(13) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ciallaíonn ‘comhlacht neamhspleách’ institiúid fhioscach neamhspleách arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2011/85/AE;’;

– cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) ciallaíonn ‘plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta’ an plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE) 2024/1263;’;

– cuirtear na pointí (e) agus (f) seo a leanas isteach:

‘(e) ciallaíonn ‘conair ghlanchaiteachais’ an chonair ghlanchaiteachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2024/1263;

(f) ciallaíonn ‘conair cheartaitheach ghlanchaiteachais’ an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.’;

(ii) scriostar an dara fomhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe ar ‘earnáil an rialtais ghinearálta’ agus ‘fo-earnálacha an rialtais ghinearálta’ a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Rialachán seo.

_____

* Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).’;

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

Airteagal 3

Comhsheasmhacht leis an gcreat um chomhordú an bheartais eacnamaíoch

Beidh nós imeachta buiséadach na mBallstát comhsheasmhach leis an méid seo a leanas:

(1) na moltaí a eisítear i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2024/1263;

(2) i gcás inarb iomchuí, na moltaí agus na cinntí ón gComhairle arna n-eisiúint i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1467/97;

(3) i gcás inarb iomchuí, cinntí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011;

(4) na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i dTreoir 2011/85/AE.’;

(15) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beidh an phleanáil fhioscach ilbhliantúil náisiúnta faoi Threoir 2011/85/AE agus dréachtbhuiséid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo bunaithe ar réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus léireoidh siad an comhlacht neamhspleách é a rinne na réamhaisnéisí buiséadacha a tháirgeadh nó a fhormhuiniú. Déanfar na réamhaisnéisí sin a phoibliú i dteannta leis na doiciméid maidir leis na pleananna fioscacha meántéarmacha náisiúnta iomchuí faoi Threoir 2011/85/AE agus maidir leis na dréachtbhuiséid ar bonn taca dóibh iad.’;

(16) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Gan beann ar na cúraimí eile a leagtar amach in Airteagal 8a de Threoir 2011/85/AE, beidh comhlachtaí neamhspleácha i bhfeidhm ag na Ballstáit le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) an tuairim dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2024/1263 a sholáthar;

(b) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha fioscacha uimhriúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 8a de Threoir 2011/85/AE’;

(b) scriostar mír 2;

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

Airteagal 6

Ceanglais maidir le faireachán

1. Cuirfidh na Ballstáit dréachtphlean buiséadach don bhliain atá ag teacht faoi bhráid an Choimisiúin agus an Ghrúpa Euro gach bliain, faoin 15 Deireadh Fómhair. Beidh an dréachtphlean buiséadach sin comhsheasmhach leis an gcreat a leagtar amach in Airteagal 3.

2. A luaithe agus a mbeidh na dréachtphleananna buiséadacha dá dtagraítear i mír 1 curtha faoi bhráid an Choimisiúin, déanfar iad a phoibliú.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ann sa dréachtphlean buiséadach don bhliain a chumhdaítear leis an dréachtbhuiséad agus don bhliain roimhe sin:

(a) ráta fáis an ghlanchaiteachais, arna shainmhíniú in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2024/1263, agus miondealú a chomhpháirteanna atá intuigthe ón dréachtbhuiséad;

(b) tuairisc agus cainníochtú ar na bearta ioncaim agus caiteachais a áirítear sa dréachtbhuiséad;

(c) cainníochtú ar an gcaiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, chomh maith le caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas ar caiteachas é a áirítear sa dréachtbhuiséad;

(d) réamh-mheastacháin, ar bhonn beartas gan athrú, i gcomhair caiteachais agus ioncaim mar chéatadáin de OTI i gcomhair an rialtais ghinearálta, agus na príomhchuidithe díobh, lena n-áirítear ollfhoirmiú caipitil sheasta;

(e) na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha atá mar bhonn taca don dréachtbhuiséad, lena n-áirítear na príomhthoimhdí agus na forbairtí tábhachtacha eacnamaíocha atá ábhartha don dréachtbhuiséad;

(f) réamh-mheastacháin ioncaim agus chaiteachais don rialtas ginearálta agus a bpríomh-chomhpháirteanna, ar réamh-mheastacháin iad atá bunaithe ar na sonraí faoi thorthaí is déanaí atá ar fáil agus atá comhsheasmhach le ráta fáis an ghlanchaiteachais, leis na bearta ioncaim agus caiteachais, leis an gcaiteachas ar chláir an Aontais arna mheaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais agus ó na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha, dá dtagraítear i bpointí (a) go (e);

(g) comhardú an bhuiséid don rialtas ginearálta, atá intuigthe as na réamh-mheastacháin ioncaim agus chaiteachais, arna miondealú de réir fo-earnála den rialtas ginearálta, chomh maith leis an bhfiachas rialtais ghinearálta;

(h) faisnéis ábhartha maidir le caiteachas rialtais ghinearálta de réir cuspóra, lena n-áirítear maidir le hoideachas, cúram sláinte, fostaíocht agus cosaint, lena n-áirítear infheistíocht sa chosaint;

(i) na toimhdí agus na modheolaíochtaí foluiteacha a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar thionchar buiséadach na mbeart caiteachais agus ioncaim;

(j) táscairí i dtaobh conas a fhreastalaíonn gealltanais maidir le hathchóirithe agus bearta a leagtar amach sa dréachtphlean buiséadach, lena n-áirítear infheistíocht phoiblí go háirithe, ar na moltaí reatha don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 121 agus le hAirteagal 148 CFAE agus i dtaobh conas atá athchóirithe

agus bearta den sórt sin tábhachtach i dtaca le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach.;

Féadfaidh níos lú mionsonraí a bheith ann sa tuairisc ar bhearta ioncaim agus caiteachais dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír i gcás beart lena mbaineann tionchar buiséadach a mheastar a bheith níos ísle ná 0.1 % de OTI. Tabharfar aird ar leith agus léiraird ar phleananna móra maidir le hathchóiriú ar an mbeartas buiséadach, lena n-áirítear na pleananna sin a bhféadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith ag baint leo do Bhallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

4. Tabharfar míniú sa dréachtphlean buiséadach ar conas a áirithítear leis an dréachtbhuiséad don bhliain atá le teacht go gcomhlíonfar an chonair ghlanchaiteachais arna socrú ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263, nó, i gcás inarb infheidhme, dialltaí a d'fhéadfadh a bheith ann ón gconair ghlanchaiteachais sin. I gcás na mBallstát atá faoi nós imeachta um easnamh iomarcach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, tabharfar míniú sa dréachtphlean buiséadach ar conas a áirithítear leis an dréachtbhuiséad don bhliain atá le teacht go gcomhlíonfar an chonair cheartaitheach ghlanchaiteachais.

5. Déanfar sonraíochtaí inneachar an dréachtphlean bhuiséadaigh a leagan amach i gcreat comhchuibhithe arna bhunú ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit.';

(18) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. D'ainneoin mhír 1, más rud é, i gcásanna eisceachtúla, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann laistigh de sheachtain amháin tar éis an dréachtphlean buiséadach a thíolacadh, go sainaithníonn an Coimisiún neamhchomhlíonadh an dréachtphlean bhuiséadaigh atá thar a bheith tromchúiseach leis an gconair ghlanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 nó leis an gconair cheartaitheach ghlanchaiteachais faoin nós imeachta um easnamh iomarcach arna bhunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, glacfaidh an Coimisiún a thuairim laistigh de 2 sheachtain ón dréachtphlean buiséadach a thíolacadh. Ina thuairim iarrfaidh an Coimisiún go ndéanfaí dréachtphlean buiséadach athbhreithnithe a thíolacadh chomh luath agus is féidir agus in aon chás laistigh de thrí seachtaine ó eisiúint a thuairime. Beidh iarraidh an Choimisiúin cuí-réasúnaithe agus poibleofar í.

Beidh feidhm ag Airteagal 6(2), (3) agus (4) i gcás dréachtphleananna bhuiséadacha athbhreithnithe arna dtíolacadh de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo.

Glacfaidh an Coimisiún tuairim nua ar an dréachtphlean bhuiséadach athbhreithnithe chomh luath agus is féidir agus in aon chás laistigh de thrí seachtaine ó thíolacadh an dréachtphlean bhuiséadaigh athbhreithnithe.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú foriomlán ar an staid bhuiséadach agus ar na hionchais sa limistéar euro ina iomláine, ar bhonn na n-ionchas buiséadach náisiúnta agus a n-idirghníomhú ar fud an limistéir, ag féachaint chuig réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí sheirbhísí an Choimisiúin.

Déanfaidh sé cur síos, de réir mar is iomchuí, ar bhearta chun comhordú beartais bhuiséadaigh agus mhaicreacnamaíoch a dhaingniú ar leibhéal an limistéir euro.

Poibleofar an measúnú foriomlán agus cuirfear san áireamh é sa treorú ginearálta bliantúil a eisíonn an Coimisiún do na Ballstáit.';

(19) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiúin, ar bhonn *ex-ante* agus go tráthúil, faoina bpleananna eisiúna fiachais náisiúnta.';

(20) scriostar Airteagal 9;

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

Airteagal 10

Ceanglais tuairiscithe do na Ballstáit atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach

(1) I gcás ina ndéanann an Chomhairle moltaí don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 126(7) CFAE, tar éis thíolacadh na chéad tuarascála ar ghníomhaíocht a rinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, cuirfidh an Ballstát tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin gach 6 mhí go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Beidh inneachar na dtuarascálacha leantacha sin maidir le gníomhaíocht éifeachtach mar atá sonraithe in Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(2) I gcás ina dtugann an Chomhairle fógra don Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 126(9) CFAE, tar éis thíolacadh na chéad tuarascála ar ghníomhaíocht a rinneadh agus dá dtagraítear in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, cuirfidh an Ballstát tuarascálacha leantacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin gach 6 mhí go dtí go n-aisghairfidh an Chomhairle an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann. Beidh inneachar na dtuarascálacha leantacha sin maidir le gníomhaíocht éifeachtach mar atá sonraithe in Airteagal 5(1a) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97.

(3) Féadfar na tuarascálacha maidir le gníomhaíocht éifeachtach dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a áireamh sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn arna sainmhíniú faoi Rialachán (AE) 2024/1263, agus sa dréachtphlean buiséadach, i gcás inar féidir sin a dhéanamh.

(4) Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfuil gníomhaíocht éifeachtach á déanamh ag Ballstát faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, arna bhunú le moladh ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó le cinneadh ón gComhairle chun fógra thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú a bhunú, *inter alia*, ar na tuarascálacha a thíolacann na Ballstáit i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal.

(5) Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ar na Ballstáit má mheasann sé gur gá sin chun críoch faireachais bhuiséadaigh.

(6) Beidh an faireachán a bhunaítear faoin Airteagal seo ina dhlúthchuid den fhaireachán tráthrialta, dá bhforáiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, de chur chun feidhme gníomhaíochta a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann mar gheall ar mholtaí ón gComhairle faoi Airteagal 126(7) CFAE nó mar gheall ar chinntí ón gComhairle foláireamh a thabhairt faoi Airteagal 126(9) CFAE chun an t-easnamh iomarcach a cheartú.';

(22) scriostar Airteagal 11 agus Airteagal 12;

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

Airteagal 13

Comhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*

Ní bheidh Ballstáit atá faoi réir cláir coigeartaithe maicreacnamaíoch faoi réir Airteagail 6, 7, 8 agus 10 den Rialachán seo.

_____

* Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/472/oj).';

(24) scriostar Airteagal 14;

(25) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) torthaí an phlé a rinne an Grúpa Euro maidir le tuairimí an Choimisiúin arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (2), a mhéid a rinneadh iad a phoibliú;';

(ii) scriostar pointe (d);

(b) scriostar pointe 2;

(26) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

Airteagal 16

Athbhreithniú agus tuarascálacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo

(1) Faoin XXX, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a mbeidh, nuair is iomchuí, togra chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a phoibliú.

Déanfar athbhreithniú ar an méid seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) éifeachtacht an Rialacháin seo maidir lena chuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach;

(b) an dul chun cinn atá déanta chun comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus cóineasú marthanach i bhfeidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a áirithiú i gcomhréir le CFAE;

(c) rannchuidiú an Rialacháin seo le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach.

(2) Cuirfear an tuarascáil ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.';

(27) Scriostar Airteagal 17.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha 30
4.2. Sonraí 30
4.3. Réitigh dhigiteacha 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach 32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) Uimh. 473/2013 agus Uimh. 1173/2011.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

An 30 Aibreán 2024, tháinig athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais i bhfeidhm agus is é a bhí i gceist leis Rialachán (AE) Uimh. 1466/97 a aisghairm agus Rialachán (AE) 2024/1263 a chur ina ionad, agus Rialachán (AE) Uimh. 1467/97 agus Treoir 2011/85 ón gComhairle a leasú.

Is é an chéad chuspóir atá leis an togra Rialacháin (AE) Uimh. 473/2013 agus Uimh. 1173/2011 a leasú chun comhsheasmhacht leis na rialacháin sin agus le gnéithe eile de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais a áirithiú agus chun soiléireacht dhlíthiúil iomlán a sholáthar.

I gcomhréir le clár oibre simpliúcháin an Choimisiúin, is é an dara cuspóir rannchuidiú le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a chuíchóiriú agus a shimpliú.

Rannchuideoidh an dá chuspóir le comhordú níos fearr agus níos láidre bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha na mBallstát.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Chun comhsheasmhacht le creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais a áirithiú agus chun an creat sin a shimpliú tuilleadh, déanfaidh na leasuithe atá beartaithe ar Rialacháin (AE) Uimh. 473/2013 agus Uimh. 1173/2011 an méid seo a leanas: (i) tagairtí do dhoiciméid agus do choincheapa a tugadh isteach le hathchóiriú 2024, chomh maith le crostagairtí do na píosaí reachtaíochta a leasaíodh mar chuid den athchóiriú sin, a nuashonrú; (ii) deireadh a chur le nósanna imeachta atá imithe i léig agus leis an gceanglas atá ar na Ballstáit doiciméid a thabhairt ar aird agus le hoibleagáidí tuairiscithe breise nach bhfuil gá leo a thuilleadh tar éis athchóiriú 2024 nó nár úsáideadh riamh san am atá caite; (iii) sineirgí a chruthú leis na próisis a tugadh isteach le hathchóiriú 2024.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe / grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Ba cheart go leanfadh neartú chomhordú bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus laghdú a n-ualaigh riaracháin as na tograí, rud as a leanfaidh cur chun feidhme níos fearr i gcás creat rialachais eacnamaíoch an Aontais.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil ar aird gach cúig bliana ar tuarascáil í ina ndéanfar athbhreithniú ar an méid seo a leanas: (i) éifeachtacht an rialacháin maidir

